2024/3193

20.12.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/3193 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Nollaig 2024

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí píobán agus feadán gan uaim de thionscnamh na Rúise tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus na bearta atá i bhfeidhm

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 2320/97 ([2]) d'fhorchuir an Chomhairle dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí píobán agus feadán gan uaim áirithe d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, ar de thionscnamh na Rúise iad, *inter alia*. Le Cinneadh 2000/70/CE ón gCoimisiún ([3]), glacadh le gealltanas ó onnmhaireoir sa Rúis. Le Rialachán (CE) Uimh. 1322/2004 ón gComhairle ([4]), cinneadh gan na bearta a bhí i bhfeidhm maidir le hallmhairí ón Rúis, *inter alia*, a chur i bhfeidhm a thuilleadh mar ábhar stuamachta i ndáil le hiompar frithiomaíoch táirgeoirí áirithe de chuid an Aontais san am a chuaigh thart (féach aithris (9) den Rialachán sin).

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 954/2006 ([5]), d'fhorchuir an Chomhairle dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí píobán agus feadán gan uaim áirithe de thionscnamh, *inter alia*, na Rúise, d'aisghair sí Rialachán (CE) Uimh. 2320/97 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 348/2000 ([6]) ón gComhairle, chuir sí deireadh leis na hathbhreithnithe eatramhacha agus éaga ar allmhairí píobán agus feadán gan uaim áirithe nó iarainn nó cruach neamh-chóimhiotail de thionscnamh, *inter alia*, na Rúise agus chuir sí deireadh leis na hathbhreithnithe eatramhacha ar na dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí píobán agus feadán d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail áirithe de thionscnamh, *inter alia*, na Rúise.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 2320/97 ón gComhairle an 17 Samhain 1997 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí píobán agus feadán gan uaim áirithe d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail ar de thionscnamh na hUngáire, na Polainne, na Rúise, Phoblacht na Seice, na Rómáine agus Phoblacht na Slóvaice iad, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1189/93 agus lena bhfoirceanntar na himeachtaí i ndáil leis na hallmhairí sin ar de thionscnamh Phoblacht na Cróite iad (IO L 322, 25.11.1997, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1997/2320/oj).

([3]) Cinneadh 2000/70/EC ón gCoimisiún an 22 Nollaig 1999 lena nglactar le gealltanas arna thairiscint i ndáil leis an athbhreithniú eatramhach ar an dleacht frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí píobáin agus feadáin gan uaim áirithe d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail ar de thionscnamh, *inter alia*, na Rúise iad (IO L 23, 28.1.2000, lch. 78, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2000/70(1)/oj).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1322/2004 ón gComhairle an 16 Iúil 2004 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2320/97 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí píobán agus feadán iarainn nó cruach neamh-chóimhiotail áirithe gan uaim de thionscnamh, *inter alia*, na Rúise agus na Rómáine, (IO L 246, 20.7.2004, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/1322/oj).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 954/2006 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2006 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí píobán agus feadán gan uaim áirithe d'iarann nó de chruach de thionscnamh na Cróite, na Rómáine, na Rúise agus na hÚcráine, lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2320/97 agus (CE) Uimh. 348/2000 ón gComhairle, lena bhfoirceanntar na hathbhreithnithe eatramhacha agus éaga ar allmhairí píobán agus feadán gan uaim áirithe d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail de thionscnamh, *inter alia*, na Rúise agus na Rómáine agus lena bhfoirceanntar na hathbhreithnithe eatramhacha ar na dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí píobán agus feadán d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail áirithe, *inter alia*, de thionscnamh na Rúise agus na Rómáine agus na Cróite agus na hÚcráine (IO L 175, 29.6.2006, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/954/oj).

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 348/2000 ón gComhairle an 14 Feabhra 2000 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí píopaí agus feadán gan uaim áirithe d'iarann nó cruach neamh-chóimhiotail de thionscnamh na Cróite agus na hÚcráine agus bailiú na dleachta sealadaí arna forchur, IO L 45, 17.2.2000, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2000/348/oj).

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 585/2012 ([7]), d'fhorchuir an Chomhairle, tar éis athbhreithniú éaga, dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí píobán agus feadán gan uaim áirithe de thionscnamh, *inter alia*, na Rúise.

(4) Tar éis imscrúduithe an pháirt-athbhreithnithe eatramhaigh i gcomhréir le hAirteagal 11(3) den bhun-Rialachán, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 795/2012 ([8]) agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1269/2012 ([9]) faoi seach, leasaigh an Chomhairle na bearta cinntitheacha arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 585/2012 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le roinnt táirgeoirí onnmhairiúcháin na Rúise.

(5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1469 ([10]), d'fhorchuir an Coimisiún, tar éis athbhreithniú éaga, dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí píobán agus feadán gan uaim áirithe de thionscnamh, *inter alia*, na Rúise ('an t-athbhreithniú éaga roimhe seo').

(6) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159, d'fhorchuir an Coimisiún bearta coimirce cinntitheacha ar allmhairí táirgí cruach áirithe, lena n-áirítear feadáin agus píobáin dosmálta gan uaim agus píobáin gan uaim eile ([11]).

(7) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1029, rinne an Coimisiún leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún chun fad a chur leis an mbeart coimirce maidir le hallmhairí táirgí cruach áirithe, lena n-áirítear feadáin agus píobáin dosmálta gan uaim agus píobáin gan uaim eile ([12]).

(8) Le Rialachán (AE) 2022/428, d'fhorchuir an Chomhairle bearta sriantacha ar allmhairí roinnt táirgí de thionscnamh na Rúise nó a onnmhairíodh ón Rúis ([13]), lena gcuirtear toirmeasc ar allmhairí an táirge lena mbaineann.

(9) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1782 an 24 Meitheamh 2024, rinne an Coimisiún leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún, lena n-áirítear fad a chur leis an mbeart coimirce maidir le hallmhairí táirgí cruach áirithe, lena n-áirítear píobáin agus feadáin dosmálta gan uaim agus píobáin gan uaim eile ([14]).

(10) Is idir 24,1 % agus 35,8 % na dleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm faoi láthair ar allmhairí píobán agus feadán gan uaim áirithe le haghaidh allmhairí de thionscnamh na Rúise.

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 585/2012 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2012 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí píobán agus feadáin gan uaim áirithe d'iarann nó de chruach, de thionscnamh na Rúise agus na hÚcráine, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009, agus lena bhfoirceanntar an t-imeacht um athbhreithniú éaga i ndáil le hallmhairí píobán agus feadáin gan uaim áirithe d'iarann nó de chruach, de thionscnamh na Cróite (IO L 174, 4.7.2012, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/585/oj).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 795/2012 ón gComhairle an 28 Lúnasa 2012 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 585/2012 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí píobán agus feadán gan uaim áirithe d'iarann nó de chruach, de thionscnamh na Rúise agus na hÚcráine, tar éis páirt-athbhreithniú eatramhach de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 (IO L 238, 4.9.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/795/oj).

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1269/2012 ón gComhairle an 21 Nollaig 2012 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 585/2012 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí píobán cruach gan uaim áirithe d'iarann nó de chruach, de thionscnamh, *inter alia*, na Rúise, tar éis páirt-athbhreithniú eatramhach de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 (IO L 357, 28.12.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1269/oj).

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1469 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2018 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí píobán agus feadán gan uaim áirithe d'iarann nó de chruach, de thionscnamh na Rúise agus na hÚcráine, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 246, 2.10.2018, lch. 20, ELI:: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1469/oj).

([11]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear bearta coimirce cinntitheacha in aghaidh allmhairí táirgí áirithe cruach (IO L 31, 1.2.2019, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/159/oj).

([12]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1029 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún chun fad a chur leis an mbeart coimirce maidir le hallmhairí táirgí cruach áirithe (IO L 225I, 25.6.2021, lch. 1; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1029/oj).

([13]) Rialachán (AE) 2022/428 ón gComhairle an 15 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 87 I, 15.3.2022, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/428/oj).

([14]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1782 ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159, lena n-áirítear an fadú arna chur leis an mbeart coimirce ar allmhairí táirgí cruach áirithe (IO L, 2024/1782, 25.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1782/oj).

1.2. **Iarraidh ar athbhreithniú éaga**

(11) Tar éis fógra a fhoilsiú maidir le dul in éag atá le tarlú i dtaca leis na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm ([15]), fuair an Coimisiún iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) 'an bun-Rialachán'.

(12) Is é an Comhlachas Eorpach um Fheadáin Chruach, ('ETSA' nó 'an t-iarratasóir') a chuir an iarraidh ar athbhreithniú isteach an 30 Meitheamh 2023 thar ceann thionscal an Aontais i leith píobán agus feadáin gan uaim áirithe d'iarann nó de chruach, de bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Bhí an iarraidh ar athbhreithniú bunaithe ar an bhforas gur dócha go ndéanfar an dumpáil agus an díobháil do thionscal an Aontais arís mar gheall ar dhul in éag na mbeart ar allmhairí de thionscnamh na Rúise.

1.3. **Athbhreithniú éaga a thionscnamh**

(13) I ndiaidh don Choimisiún a chinneadh, i ndiaidh dó dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, gurbh ann d'fhianaise leordhóthanach chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain sé athbhreithniú éaga an 2 Deireadh Fómhair 2023 maidir le bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí píobán agus feadán gan uaim áirithe d'iarann nó de chruach de thionscnamh na Rúise ('an tír lena mbaineann') isteach san Aontas, ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([16]) ('an fógra tionscnaimh').

1.4. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(14) An t-imscrúdú chun a fháil amach an leanfar den dumpáil nó an ndéanfar an athuair í, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023 ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe'). An t-imscrúdú ar na treochtaí atá ábhartha chun a mheas an dócha go leanfar den díobháil nó go ndéanfar an athuair í, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2020 go deireadh thréimhse an imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

1.5. **Páirtithe leasmhara**

(15) San fhógra tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas go sonrach faoin imscrúdú mar aon le táirgeoirí de chuid an Aontais, ionadaithe na tíre is onnmhaireoir, ceardchumainn, allmhaireoirí, úsáideoirí agus trádálaithe aitheanta, chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach le tionscnamh an athbhreithnithe éaga, agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(16) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

1.6. **Barúlacha maidir le tionscnamh**

(17) Chuir Cónaidhm na Rúise barúlacha isteach an 8 Samhain 2023. D'áitigh sé nach raibh aon fhianaise san iarraidh ar dhumpáil ó onnmhaireoirí na Rúise ná aon chruthúnas go mbeadh allmhairí díobhálacha mar thoradh ar chúlghairm na ndleachtanna frithdhumpála. D'áitigh sé freisin nach raibh aon dóchúlacht ann go ndéanfar an díobháil an athuair de bharr allmhairí ón Rúis.

(18) A mhéid a bhaineann leis an gcéad líomhain, thug an Coimisiún dá aire nach raibh aon onnmhairiú chuig an Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe mar gheall ar smachtbhannaí. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, rinne an t-iarratasóir measúnú ar an dóchúlacht go dtarlóidh an dumpáil arís. Chun an measúnú sin a dhéanamh, bhí sé bunaithe ar phraghsanna onnmhairiúcháin na Rúise chuig tríú tíortha. Cháin Cónaidhm na Rúise an chomparáid idir praghsanna onnmhairiúcháin CAL chuig tríú tíortha agus praghsanna intíre díreach ón monarcha. Thug an Coimisiún dá aire gur simpliú é praghsanna CAL a úsáid in ionad praghsanna díreach ón monarcha atá chun tairbhe onnmhaireoirí na Rúise, toisc gur thug sé le tuiscint nach ndéanfaí roinnt costas a asbhaint ó phraghsanna CAL a breathnaíodh roimh an gcomparáid. Dá bhrí sin, d'easaontaigh an Coimisiún gur chuir an simpliú sin amhras ar chothroime na comparáide, rud a bhfuil sé i gceist leis a léiriú go dtarlaíonn an dumpáil arís, seachas méid sonrach dumpála.

([15]) Fógra maidir le dul in éag bearta áirithe frithdhumpála atá le tarlú (IO C 12, 13.1.2023, lch. 10).

([16]) Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na bearta frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí píobán agus feadán gan uaim áirithe d'iarann agus de chruach de thionscnamh na Rúise (IO C, C/2023/93 2.10.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/93/oj).

(19) A mhéid a bhaineann leis an líomhain nach dócha go ndéanfar an díobháil an athuair, thug an Coimisiún dá aire, bunaithe ar phraghsanna onnmhairiúcháin chuig an Éigipt agus chuig an Tuirc, gur shuigh an t-iarratasóir sladghearradh praghais suntasach agus corrlaigh ghearrdhíola agus ar an mbonn sin tháinig sé ar an gconclúid go raibh allmhairí na Rúise fós ina mbagairt fhéideartha ar thionscal an Aontais mura mbeadh aon bheart trádála sriantach ann. Diúltaíodh, dá bhrí sin, don mhaíomh.

1.7. **Sampláil**

(20) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.7.1. *Táirgeoirí an Aontais a shampláil*

(21) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn mhéid tháirgeacht agus mhéid díolachán an táirge chomhchosúil san Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, agus raon geografach á chur san áireamh. Bí trí tháirgeoir de chuid an Aontais sa sampla sin, a raibh dhá cheann acu comhlachaithe lena chéile. Is éard atá sna táirgeoirí sampláilte [47 %-53 %] de mhéid measta na táirgeachta agus níos mó ná 45 % de mhéid iomlán measta díolachán an táirge chomhchosúil ar an saormhargadh san Aontas. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt faoin sampla a roghnaíodh go sealadach.

(22) Fuair an Coimisiún barúil amháin, ón iarratasóir, maidir le roghnú sealadach an tsampla. Mhol an t-iarratasóir, toisc go raibh dhá tháirgeoir de chuid an Aontais a sampláladh go sealadach comhlachaithe, gur cheart don Choimisiún táirgeoir eile de chuid an Aontais nach raibh comhlachaithe leis na táirgeoirí eile a chur in ionad ceann amháin den dá tháirgeoir chomhlachaithe sin ([17]). Mheas an Coimisiún go raibh an sampla sealadach níos ionadaíche i dtéarmaí táirgeachta agus mhéideanna díolacháin an Aontais. Thairis sin, bhí an chuideachta a chuir an t-iarratasóir ar aghaidh mar mhalairt air sin faoi úinéireacht infheisteora ón tír lena mbaineann go dtí mí Eanáir 2023 ([18]), i.e. Cónaidhm na Rúise a raibh smachtbhannaí curtha uirthi ag an Aontas Eorpach ó mhí an Mhárta 2022. De réir an iarratasóra, líomhnaítear go raibh tionchar aige sin ar rochtain na cuideachta ar a cuntais bhainc, rud a chuir isteach ar dhíolacháin na cuideachta ([19]). Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach raibh feidhmíocht eacnamaíoch na cuideachta atá beartaithe ionadaíoch ar a laghad le linn cuid de thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(23) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún d'iarraidh an iarratasóra agus dheimhnigh sé an sampla sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(24) An 6 Meitheamh 2024, tar éis dó freagra ar an gceistneoir a chur isteach, chuir ceann amháin de tháirgeoirí sampláilte an Aontais, Dalmine S.p.A, in iúl don Choimisiún gur tharraing sé siar a chomhar leis an imscrúdú.

(25) Chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara uile go raibh sé beartaithe aige dul ar aghaidh leis an sampla den dá tháirgeoir shampláilte eile de chuid an Aontais. Tá [33 % – 45 %] de mhéid iomlán measta na táirgeachta agus breis agus 30 % ag méid iomlán measta na ndíolachán den táirge comhchosúil ar shaormhargadh an Aontas ag an dá tháirgeoir sin nach bhfuil comhlachaithe lena chéile. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe uile a mbarúil a thabhairt maidir leis an sampla laghdaithe sin, ach ní bhfuair sé aon bharúil.

(26) Dá bhrí sin, bhí sampla deiridh tháirgeoirí an Aontais comhdhéanta de dhá tháirgeoir neamhchomhlachaithe de chuid an Aontais, S.C. Silcotub S.A. agus Benteler Steel/Tube GmbH.

1.7.2. *Allmhaireoirí a shampláil*

(27) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar.

([17]) Féach Litir ón iarratasóir in TRON T23.004619.
([18]) https://eurometal.net/romanian-steel-pipe-group-sold-by-russian-owner-to-serbian-investment-company/
([19]) https://balkaninsight.com/2023/09/01/romania-moves-at-slow-pace-to-sanctions-russia-owned-businesses/

(28) Níor sholáthair aon allmhaireoir neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a iarradh agus d'aontaigh sé a bheith san áireamh sa sampla. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún gan sampláil a chur i bhfeidhm maidir le hallmhaireoirí.

1.7.3. *Táirgeoirí onnmhairiúcháin a shampláil*

(29) D'fhonn a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta sa Rúis an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Chónaidhm na Rúise chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

(30) Níor sholáthair aon cheann de na táirgeoirí sa Rúis an fhaisnéis a iarradh ná níor thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla.

1.8. **Freagraí ar an gceistneoir.**

(31) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig trí tháirgeoir ón Aontas a sampláladh. Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne freisin ([20]) lá an tionscnaimh.

(32) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ó na trí tháirgeoir de chuid an Aontais a sampláladh ar dtús, is iad sin Dalmine SpA, S.C. Silcotub S.A agus Benteler Steel/Tube GmbH.

1.9. **Fíorú**

(33) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil agus den díobháil nó go ndéanfar an athuair iad agus maidir le leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí an Aontais

— S.C. Silcotub S.A, Zalau, an Rómáin,

— Benteler Steel/Tube GmbH, Paderborn, an Ghearmáin

(34) Thairis sin, rinne an Coimisiún cros-seiceáil chianda ar na macraitháscairí a chuir an t-iarratasóir isteach.

1.10. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(35) An 24 Deireadh Fómhair 2024, nocht an Coimisiún na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a bhfuil sé beartaithe aige na dleachtanna frithdhumpála a choinneáil i bhfeidhm. Tugadh tréimhse do na páirtithe leasmhara uile ina raibh siad in ann a barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.

(36) Mar fhreagairt ar an nochtadh, chuir Cónaidhm na Rúise barúlacha ar fáil a dtugtar aghaidh orthu faoi aithrisí (72) agus (73) thíos.

2. **AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

2.1. **An táirge faoi athbhreithniú**

(37) Is ionann an táirge faoi athbhreithniú agus an táirge san imscrúdú bunaidh agus in athbhreithnithe éaga roimhe seo, is é sin píobáin agus feadáin gan uaim áirithe d'iarann nó de chruach, ar trasghearradh ciorclach, nach mó ná 406,4 mm a dtrastomhas seachtrach agus nach mó a Luach Coibhéiseach Carbóin (CEV) ná 0,86 de réir fhoirmle agus anailís cheimiceach na hInstitiúide Idirnáisiúnta um Tháthú ('an táirge faoi athbhreithniú').

([20]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2683.

(38) Tá an táirge faoi athbhreithniú faoi láthair faoi chóid AC ex 7304 11 00, ex 7304 19 10, ex 7304 19 30, ex 7304 22 00, ex 7304 23 00, ex 7304 24 00, ex 7304 29 10, ex 7304 29 30, ex 7304 31 80, ex 7304 39 50, ex 7304 39 82, ex 7304 39 83, ex 7304 51 89, ex 7304 59 82 agus ex 7304 59 83 ([21]) (cóid TARIC 7304 11 00 10, 7304 19 10 20, 7304 19 30 20, 7304 22 00 20, 7304 23 00 20, 7304 24 00 20, 7304 29 10 20, 7304 29 30 20, 7304 31 80 30, 7304 39 50 30, 7304 39 82 30, 7304 39 83 20, 7304 51 89 30, 7304 59 82 30 agus 7304 59 83 20).

(39) Úsáidtear an táirge faoi athbhreithniú i réimse leathan feidhmeanna, mar shampla, píobáin líne chun leachtanna a iompar, sa ghnó tógála le haghaidh píleála, le haghaidh úsáidí meicniúla, feadáin gháis, feadáin choire agus earraí feadánacha ola agus tíre le haghaidh druileála, cásála agus feadánra don tionscal ola.

(40) Bíonn foirmeacha an-difriúla ag píobáin agus feadáin gan uaim tráth a seachadta chuig na húsáideoirí. Is féidir leo a bheith e.g. galbhánaithe, snáithithe, seachadta mar fheadáin ghlasa (i.e. gan aon chóireáil teasa), le foircinn speisialta, trasghearrthacha éagsúla, gearrtha ar thomhas nó gan a bheith gearrtha ar thomhas. Níl aon mhéid caighdeánach ginearálaithe ann do na feadáin, rud a mhíníonn cén fáth a ndéantar an chuid is mó de na píobáin agus feadáin gan uaim ar ordú na gcustaiméirí. De ghnáth, ceanglaítear píobáin agus feadáin gan uaim le táthú. Mar sin féin, i gcásanna áirithe is féidir iad a cheangal lena snáithe nó a úsáid ina n-aonar, cé go bhfuil siad intáthaithe i gcónaí. Léirigh an t-imscrúdú go bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna agus na húsáidí bunúsacha céanna ag na píobáin agus feadáin gan uaim uile.

2.2. **An táirge lena mbaineann**

(41) Is éard atá sa táirge lena mbaineann an t-imscrúdú seo, an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na Rúise.

2.3. **An táirge comhchosúil**

(42) Mar a suíodh san imscrúdú bunaithe chomh maith leis an athbhreithniú éaga roimhe seo, deimhníodh leis an athbhreithniú éaga seo gurb iad na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, chomh maith leis na húsáidí bunúsacha céanna, atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na Rúise;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin leis an gcuid eile den domhan; agus

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(43) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **Réamhbharúlacha**

(44) Thug an Coimisiún dá aire, tar éis an 24 Feabhra 2022, mar fhreagairt ar fhogha míleata a thug an Rúis faoin Úcráin, gur leathnaigh an tAontas a smachtbhannaí agus nár tháinig aon onnmhairiú píobán agus feadán gan uaim de thionscnamh na Rúise isteach i margadh an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Thug an Coimisiún dá aire freisin gur cumhdaíodh an táirge lena mbaineann le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe leis na bearta coimirce maidir le cruach a cuireadh chun feidhme san Aontas, bearta a bhí le dul in éag an 30 Meitheamh 2024 (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1029).

([21]) Mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2024/2522 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2024 lena leasaítear Iarscríbhinn I de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO C, 2024/2522 31.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2522/oj).

(45) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus tar éis na smachtbhannaí ar a dtugtar tuairisc san aithris roimhe seo a chur chun feidhme, tháinig deireadh a bheag nó a mhór le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú ón Rúis. De réir staidreamh Eurostat, ní raibh aon allmhairí píobán agus feadán gan uaim ón Rúis i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, agus sroicheadh an leibhéal is airde allmhairí le linn na tréimhse faoi bhreathnú in 2021 le thart ar 3 mhilliún tona. Dá bhrí sin, ba é 0,0 % de sciar den mhargadh de mhargadh iomlán an Aontais i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe allmhairí píobán agus feadán gan uaim ón Rúis, síos ó 0,2 % in 2021.

(46) Mar a luadh in aithris (30), níor chomhoibrigh aon cheann de na honnmhaireoirí/táirgeoirí ón Rúis san imscrúdú. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis na Rúise go bhféadfadh an Coimisiún, in éagmais comhoibriú, Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis na torthaí a bhaineann le táirgeoirí na Rúise. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis sin ná aon iarraidh ar idirghabháil ón Oifigeach Éisteacha maidir leis sin.

(47) Dá réir sin, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, bhí na torthaí maidir leis an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil, go háirithe an fhaisnéis a sholáthraítear san iarraidh, staidreamh trádála atá ar fáil go héasca, agus sonraí Eurostat.

3.2. **An Gnáthluach**

(48) Mar a luaitear in aithris (46) thuas, de bharr an neamh-chomhoibrithe ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin sa Rúis, d'úsáid an Coimisiún fíorais atá ar fáil chun an gnáthluach a shuíomh. Chuige sin, d'úsáid an Coimisiún sonraí a chuir an t-iarratasóir ar fáil le haghaidh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe bunaithe ar phraghsanna intíre don Rúis maidir leis an táirge is coitianta (píobán go GOST 8732, 57-159 mm) ([22]). Ar an mbonn sin, ba é 140 000 RUB/tona an gnáthluach, arb ionann é agus 1 709 EUR/tona, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ([23]).

3.3. **Praghas onnmhairiúcháin agus comparáid**

(49) Ní dhearnadh aon onnmhairiú ar an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.4. **Leanúint den dumpáil**

(50) I bhfianaise easpa onnmhairí an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rinne an Coimisiún anailís ar an dóchúlacht go dtarlóidh an dumpáil arís sa chéad roinn eile.

4. **AN DÓCHÚLACHT GO nDÉANFAR AN DUMPÁIL AN ATHUAIR**

(51) Rinne an Coimisiún imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán ar an dóchúlacht go dtarlóidh an dumpáil arís, dá n-aisghairfí na bearta. Maidir leis sin, rinneadh anailís ar na heilimintí breise seo a leanas: onnmhairí go dtí tríú tíortha, an acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa Rúis agus tarraingteacht mhargadh an Aontais.

([22]) Mhol an t-iarratasóir an cur chuige sin a mheas siad a bheith coimeádach ar roinnt cúiseanna: 1) bhí trastomhas lasmuigh 57/159 mm ag an táirge, ach measann an t-iarratasóir go bhfuil sé bailí don raon iomlán méide teo críochnaithe (suas le 406.4mm) mar go léireodh sé seo croílár an raon tríthoiseach leis na hítimí ar phraghas is ísle; 2) cloíonn an táirge leis an gcaighdeán GOST 8732, norm na Rúise le haghaidh feadáin chruach theo-rollta gan uaim a úsáidtear chun gás, aer, uisce agus ola a iompar, chomh maith le cuspóir ginearálta, arb é an caighdeán is bunúsaí d'fheadáin teo críochnaithe gan uaim é, le comhshamhlú le DIN 1629, 2440, 2448, 17121 i ngráid chruach St 33 nó St 37, agus le ASTM A 53 agus A10, nó 6 i ngrád A agus 3) bhí 50 % den mhéid táirgeachta iomlán i gceist leis na cineálacha táirgí a chumhdaítear leis an gcur chuige seo agus tá a bpraghsanna ionadaíoch dá bhrí sin.

([23]) Cuireadh na rátaí malairte míosúla a bhí le húsáid san áireamh sna ceistneoirí. Ní bhfuair an Coimisiún barúlacha ó aon pháirtí ina leith. Ba é 70,2577 RUB/EUR an meánráta malairte do thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

4.1. **Onnmhairí chuig tríú tíortha**

(52) Rinneadh an gnáthluach a shuíomh mar a mhínítear i Roinn 3.2 thuas. De réir an iarratasóra, is é an praghas intíre díreach ón monarcha de chuid na Rúise de 1 709 EUR/tona a úsáidtear mar ghnáthluach an praghas is ísle a chomhfhreagraíonn don ghnáththáirge is mó i gcruach charbóin (gan cruach chóimhiotalaithe a áireamh), agus is é an toradh a bheadh ar aon ríomh dumpála a dhéantar ar an mbonn sin ná an corrlach dumpála iarbhír a ghanniontráil. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur meastachán stuama é sin gan claontacht dhiúltach i leith na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin.

(53) Mar gheall ar easpa comhoibrithe ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin, d'úsáid an Coimisiún bunachar sonraí GTA chun praghsanna onnmhairiúcháin a fháil. Mar a moladh san iarraidh, fuair an Coimisiún sonraí ar an leibhéal is mionsonraithe is féidir lena gcumhdaítear raon feidhme iomlán an táirge lena mbaineann (SH6 7304.19/23/29/31/39/51/59). Aithníonn an Coimisiún, mar a aithnítear san iarraidh, go bhféadfadh táirgí atá lasmuigh de raon feidhme an imscrúdaithe a bheith san áireamh sa raon feidhme sin. Mar sin féin, mar a luaitear go soiléir san iarraidh, tá na táirgí sin nach dtagann faoin táirge faoi imscrúdú níos costasaí ná an táirge faoi imscrúdú agus, dá bhrí sin, bheadh rómheastachán ar an bpraghas onnmhairiúcháin mar thoradh orthu.

(54) Agus an cur chuige a luaitear thuas á úsáid, suíodh an meánphraghas onnmhairiúcháin CAL chuig tríú tíortha ag 1 454 EUR/tona le haghaidh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Thairis sin, mheas an Coimisiún an cur chuige coimeádach a mhol an t-iarratasóir, i.e. go mbeadh na praghsanna onnmhairiúcháin CAL chuig tríú tíortha cothrom leis na praghsanna SAB agus nach ndéanfaí aon choigeartú idir SAB agus an praghas díreach ón monarcha, seachas coigeartú 30 EUR/tona le haghaidh imréiteach custaim.

(55) Trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht choimeádach a mhol an t-iarratasóir, ba é 1 424 EUR/tona an meánphraghas onnmhairiúcháin coigeartaithe díreach ón monarcha chuig tríú tíortha le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Thug an Coimisiún dá aire nár sholáthair aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin ná Cónaidhm na Rúise faisnéis eile a d'fhéadfaí a úsáid chun praghsanna CAL a choigeartú do phraghsanna díreach ón monarcha.

(56) Rinne an Coimisiún anailís níos mionsonraithe ar na praghsanna onnmhairiúcháin chuig na sé mhargadh onnmhairiúcháin is mó don Rúis (an Asarbaiseáin, an Éigipt, an Chasacstáin, an Tuirc, an Úisbéiceastáin agus Vítneam) arbh iad 94 % dá onnmhairí le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Shuigh an Coimisiún go raibh na praghsanna onnmhairiúcháin in dhá mhargadh mhóra onnmhairiúcháin arb iad 65 % dá onnmhairí níos ísle ná an gnáthluach a suíodh san athbhreithniú sin.

Tábla 1

Onnmhairí ón Rúis le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe

	Cainníochtaí (tonaí)	Luach (RUB)	Meánphraghas CAL RUB/tona	Luach (EUR)	Meánphraghas CAL EUR/tona
an Asarbaiseáin	19 528	2 655 586 313	135 988	36 285 417	1 858
an Éigipt	8 132	1 055 346 428	129 772	14 259 460	1 753
an Chasacstáin	165 120	15 167 784 509	91 859	206 459 767	1 250
an Tuirc	26 245	2 215 290 331	84 408	32 729 925	1 247
an Úisbéiceastáin	46 199	6 399 634 010	138 524	89 206 233	1 931
Vítneam	11 857	1 679 049 213	141 603	22 372 223	1 887
Tríú tíortha eile	16 244	1 854 371 271	114 160	25 305 062	1 558
Iomlán	293 325	31 027 062 075	105 777	426 618 087	1 454

Foinse: GTA (eastóscadh le haghaidh chóid 3 7304.19/23/29/31/39/51/59)

(57) Rinne an Coimisiún comparáid idir an gnáthluach agus an meánphraghas onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha a bhí cothrom, mar a mhínítear thuas in aithris (54), leis an luach CAL arna choigeartú le haghaidh imréiteach custaim amháin. Léiríodh sa chomparáid go raibh praghsanna onnmhairiúcháin na Rúise díreach ón monarcha (i.e. 1 424 EUR/tona - féach aithris (55)) 17 % níos ísle ar an meán ná an gnáthluach díreach ón monarcha (i.e. 1 709 EUR/tona-féach aithris (48)).

(58) Mhaígh Cónaidhm na Rúise go raibh difríochtaí idir an iarraidh agus a foscríbhinní maidir le roinnt praghsanna onnmhairiúcháin. Ós rud é gur shuigh an Coimisiún na praghsanna onnmhairiúcháin ar bhonn faisnéis a bhí ar fáil go héasca in GTA mar a léirítear i dTábla 1 thuas agus nár úsáid sé na figiúirí a soláthraíodh san iarraidh a bhí bunaithe ar shonraí Comtrade (SH6 7304.19/23/29/31/39/51/59), measann an Coimisiún go bhfuil aon earráid fhéideartha i dtras-scríobh praghsanna ceartaithe aige *de facto*. Thug an Coimisiún dá aire freisin go léirítear sa tábla thuas an dóchúlacht go dtarlóidh an dumpáil arís agus nach raibh a anailís teoranta do líon teoranta tíortha, ach, os a choinne sin, gur cuireadh san áireamh an fhaisnéis uile atá ar fáil.

4.2. **Acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa Rúis**

(59) Mar gheall ar neamh-chomhoibriú tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Rúise, suíodh an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa Rúis ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil agus go háirithe ar bhonn na faisnéise a sholáthair an t-iarratasóir.

(60) De réir na faisnéise a chuir an t-iarratasóir ar fáil, chuaigh acmhainneacht táirgeachta iomlán an táirge faoi athbhreithniú sa Rúis thar 4 400 000 tona i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Mheas an t-iarratasóir go bhfuil rótháirgeacht de thart ar 168 000 tona ag na táirgeoirí Rúiseacha nach féidir leis an margadh intíre a ghlacadh. Thairis sin, measadh go raibh an acmhainneacht bhreise le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe os cionn 500 000 tona. Ina theannta sin, d'áitigh an t-iarratasóir gur mhéadaigh táirgeoirí na Rúise an acmhainneacht táirgeachta faoi 450 000 tona idir 2022 agus deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(61) Dá bhrí sin, ba 32 % de thomhaltas iomlán an Aontais an acmhainneacht bhreise amháin agus is dócha go ndíreofar an chainníocht sin ar mhargadh an Aontais, dá ligfí do na bearta dul in éag.

4.3. **Tarraingteacht mhargadh an Aontais**

(62) Shuigh an Coimisiún gur onnmhairigh táirgeoirí de chuid na Rúise an táirge faoi athbhreithniú chuig tríú margaí ar phraghsanna a bhí idir 15 % agus 25 % ní b'ísle ar an meán ná meánphraghsanna díola tháirgeoirí an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh onnmhairiú chuig an Aontas a bheith níos tarraingtí d'onnmhaireoirí na Rúise ná onnmhairiú chuig tíortha eile.

(63) Tá margadh an Aontais tarraingteach freisin mar gheall ar a ghaireacht gheografach agus a mhéid, le tomhaltas iomlán 1 574 000 tona le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(64) Ba é 293 325 tona méid onnmhairí píobán agus feadán gan uaim ón Rúis chuig tríú tíortha le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Is ionann seo agus méid breise píobáin agus feadáin gan uaim a d'fhéadfaí a atreorú chuig margadh an Aontais mar gheall ar a tharraingteacht má théann na bearta in éag.

(65) Aithníonn an Coimisiún go bhféadfadh sé nach dtarlódh an t-atreorú sin mar gheall ar na smachtbhannaí atá ann cheana. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil baint ag na smachtbhannaí sin le fogha míleata a thug an Rúis faoin Úcráin agus leis an staid gheopholaitiúil fholuiteach, níl a raon feidhme, a modhnú ná a bhfad intuartha. Thairis sin, bíonn saolré 5 bliana ag bearta frithdhumpála. I bhfianaise na neamhchinnteachtaí sin agus go bhféadfadh an Chomhairle raon agus ré beacht na smachtbhannaí a leasú in aon am, shuigh an Coimisiún nach féidir tionchar a bheith ag smachtbhannaí reatha a bheith ann ar a chonclúidí san imeacht seo.

(66) Ar deireadh, tugann an Coimisiún dá aire, de bharr dleachtanna frithdhumpála a bheith i bhfeidhm i margaí tábhachtacha eile, mar shampla, Stáit Aontaithe Mheiriceá ([24]), nach féidir agóid a dhéanamh i gcoinne tharraingteacht mhargadh an Aontais, ní hamháin i ndearbhthéarmaí ach i dtéarmaí coibhneasta freisin, má théann na dleachtanna nó na smachtbhannaí atá ann faoi láthair in éag.

([24]) A-821-826 Caighdeán cruach carbóin agus cóimhiotail gan uaim, líne, agus píobán brú (dáta tionscnaimh: 4/8/2020).

4.4. **Conclúid**

(67) Shuigh an Coimisiún gur onnmhairigh táirgeoirí na Rúise píobáin agus feadáin gan uaim chuig tríú tíortha ar phraghsanna níos ísle ná an gnáthluach.

(68) Mar a mhínítear in aithris (60), bhí an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa Rúis suntasach i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus b'ionann an acmhainneacht bhreise agus 32 % de thomhaltas iomlán an Aontais.

(69) Mar gheall ar tharraingteacht mhargadh an Aontais ó thaobh méide, gaireachta geografaí agus praghsanna de, is dócha go ndíreofaí (nó go n-atreorófaí) onnmhairí agus acmhainneacht bhreise na Rúise ar mhargadh an Aontais dá rachadh na bearta in éag.

(70) Maidir le honnmhairí chuig an Aontas, shuigh an Coimisiún gur dhócha go dtarlóidh an dumpáil arís bunaithe ar na heilimintí a dtugtar tuairisc orthu thuas. Mheas an Coimisiún gur staid shealadach é tionchar na smachtbhannaí a d'fhéadfadh athrú tráth ar bith agus, dá bhrí sin, nach féidir tionchar a bheith acu ar na conclúidí san imeacht seo.

(71) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, de sin, gur dhócha go dtarlóidh an dumpáil arís dá rachadh na bearta in éag.

(72) Tar éis torthaí cinntitheacha a nochtadh, chuir Cónaidhm na Rúise in iúl nach féidir aon onnmhairiú píobán agus feadán gan uaim teacht isteach i margadh an Aontais mar gheall ar an toirmeasc ar allmhairiú agus, dá bhrí sin, nach féidir aon riosca a bheith ann go dtarlóidh an dumpáil arís fad a bheidh an toirmeasc ar allmhairí i bhfeidhm agus ós rud é go bhfuil an toirmeasc ar allmhairí fós i bhfeidhm, nach féidir go ndéanfar an díobháil an athuair de bharr allmhairí dumpáilte. Thairis sin, mhaígh Cónaidhm na Rúise nár sholáthair an tIarratasóir fianaise ar leanúint den dumpáil nó ar atarlú na dumpála agus, dá bhrí sin, nach raibh aon fhoras dlíthiúil ann chun an t-athbhreithniú éaga a thionscnamh de réir bhrí Airteagal 11.4 den Chomhaontú Frithdhumpála.

(73) Mar a luaitear in aithris (65), chuir an Coimisiún i bhfios go láidir go bhfuil nasc díreach idir na smachtbhannaí agus fogha míleata gan chúis a thug an Rúis faoin Úcráin agus an staid gheopholaitiúil fholuiteach. Dá bhrí sin, ní féidir a raon feidhme, a modhnú agus/nó a bhfad a thuar. I bhfianaise na héiginnteachta sin agus ós rud é go bhféadfaidh an Chomhairle raon feidhme beacht agus fad beacht na smachtbhannaí a leasú tráth ar bith, cé go bhfuil saolré 5 bliana ag bearta frithdhumpála, shuigh an Coimisiún nach féidir leis na smachtbhannaí atá ann faoi láthair tionchar a bheith acu ar a chonclúidí san imeacht seo maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil agus den díobháil nó go dtarlóidh siad arís. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(74) Tá maíomh Chónaidhm na Rúise gur theip ar an Iarratasóir fianaise a sholáthar gur leanadh den dumpáil nó gur tharla an dumpáil arís mícheart. Mar chuid den iarraidh ar athbhreithniú, chuir an t-iarratasóir fianaise *prima facie* ar fáil go dtarlóidh an dumpáil arís. Dá bhrí sin, diúltaítear don argóint sin.

5. **DÍOBHÁIL**

5.1. **Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(75) Rinne 16 tháirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(76) Suíodh táirgeacht iomlán an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ag thart ar 2,4 milliún tona. Is ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, ar nós na sonraí a sholáthair ESTA agus na táirgeoirí ón Aontas a sampláladh, a shuigh an Coimisiún an figiúr sin. Mar a léirítear in aithris (26), roghnaíodh dhá tháirgeoir de chuid an Aontais sa sampla, táirgeoirí a dhéanann tuairim agus [33 % – 45 %] i dteannta a chéile de mhéid iomlán measta tháirgeacht an táirge chomhchosúil san Aontas.

5.2. **Tomhaltas an Aontais**

(77) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn an méid seo a leanas:

(a) díolacháin tháirgeoirí sampláilte an Aontais den táirge comhchosúil le páirtithe neamhchomhlachaithe san Aontas mar a tuairiscíodh ina bhfreagraí ceistneora faoi seach,

(b) sonraí díolacháin a sholáthair ESTA maidir le díolacháin an táirge chomhchosúil ag táirgeoirí eile de chuid an Aontais le páirtithe neamhchomhlachaithe san Aontas; agus

(c) allmhairí an táirge faoi athbhreithniú chuig an Aontas ó gach tríú tír mar a tuairiscítear in Eurostat.

(78) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (tonaí)

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (1.7.2022 – 30.6.2023)
Tomhaltas iomlán an Aontais	1 366 874	1 691 672	1 647 545	1 574 441
Innéacs	*100*	*124*	*121*	*115*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte, ESTA agus Eurostat

(79) Cé is moite de 2020 a raibh tionchar ag ráig phaindéim COVID-19 uirthi, bhí tomhaltas an Aontais cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus bhí an tomhaltas idir 1,5 agus 1,7 milliún tona. Tharla an méadú ar thomhaltas ó 2021 ar aghaidh mar gheall ar théarnamh tar éis ghéarchéim COVID-19, rud a spreag méadú ar ghníomhaíochtaí gnó i measc a gcustaiméirí, go háirithe san earnáil tógála.

5.3. **Allmhairí ón Rúis**

5.3.1. *Méid agus sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí ón Rúis*

(80) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ar bhonn mhéideanna na n-allmhairí ó shonraí a baineadh as bunachar sonraí Comext Eurostat. Suíodh sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí ar bhonn an mhéid a allmhairíodh isteach san Aontas i ndáil le tomhaltas an Aontais.

(81) Is mar seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar allmhairí isteach san Aontas ó Chónaidhm na Rúise:

Tábla 3

An méid allmhairí (tonaí) agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (1/7/2022 – 30/6/2023)
Méid na n-allmhairí ón Rúis (tonnaí)	845	3 029	1 008	0
Innéacs	*100*	*359*	*119*	*0*
Sciar den mhargadh	0,1 %	0,2 %	0,1 %	0 %

Foinse: Eurostat

(82) Bhí méideanna na n-allmhairí ón Rúis diomaibhseach le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar a luaitear in aithrisí (8) agus (44), le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rinne smachtbhannaí an Aontais difear d'allmhairí an táirge faoi athbhreithniú, smachtbhannaí a d'eascair as fogha míleata gan chúis a thug an Rúis faoin Úcráin a luaitear in aithris (44) thuas.

5.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón Rúis agus sladghearradh praghais*

(83) Shuigh an Coimisiún meánphraghsanna na n-allmhairí ar bhonn sonraí allmhairiúcháin ó Eurostat. Is mar a leanas a d'fhorbair meánphraghas ualaithe na n-allmhairí ón Rúis chuig an Aontas:

Tábla 4

Praghsanna na n-allmhairí (EUR/tona)

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (1/7/2022 – 30/6/2023)
Tír lena mbaineann	679	626	863	Ní bhaineann le hábhar
Innéacs	*100*	*92*	*127*	*Ní bhaineann le hábhar*

Foinse: Eurostat

(84) De ghnáth, ríomhtar sladghearradh praghais ar bhonn meánphraghsanna allmhairiúcháin ríofa i ndáil le meánphraghas díola thionscal an Aontais le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas. Mar a léirítear sa tábla thuas, áfach, san athbhreithniú éaga reatha, bhí na praghsanna le haghaidh na mblianta 2020 go 2022 bunaithe ar mhéideanna diomaibhseacha allmhairí mar a taifeadadh in Eurostat iad agus níor cheadaigh siad aon treocht fhiúntach praghsanna le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Thairis sin, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ní raibh aon mhéid allmhairí ann ar chor ar bith. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí aon ríomhanna sladghearrtha praghais a dhéanamh.

5.4. **Allmhairí ó thríú tíortha seachas an tír lena mbaineann**

(85) Is ón mBrasaíl, ó Dhaon-Phoblacht na Síne, ó Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ón Úcráin den chuid is mó a tháinig allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ó thríú tíortha seachas an Rúis mar a shonraítear thíos.

(86) Is mar a leanas a forbraíodh méid na n-allmhairí isteach san Aontas chomh maith le sciar den mhargadh agus treochtaí praghais na n-allmhairí i gcás an táirge faoi athbhreithniú ó thríú tíortha eile:

Tábla 5

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (1/7/2022 – 30/6/2023)
an Bhrasaíl	Méid (tonaí)	5 413	4 756	11 219	15 652
	Innéacs	*100*	*88*	*207*	*289*
	Sciar den mhargadh	0,4 %	0,3 %	0,7 %	1,0 %
	Innéacs	*100*	*71*	*172*	*251*
	Meánphraghas (EUR/tona)	721	1 609	1 146	1 363
	Innéacs	*100*	*223*	*159*	*189*
Daon-Phoblacht na Síne	Méid (tonaí)	70 731	65 671	87 256	145 999
	Innéacs	*100*	*93*	*123*	*206*
	Sciar den mhargadh	5,2 %	3,9 %	5,3 %	9,3 %
	Innéacs	*100*	*75*	*102*	*179*
	Meánphraghas (EUR/tona)	803	976	1 434	1 454
	Innéacs	*100*	*122*	*179*	*181*

Tír		2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (1/7/2022 – 30/6/2023)
Stáit Aontaithe Mheiriceá	Méid (tonaí)	22 842	11 191	13 029	14 725
	Innéacs	*100*	*49*	*57*	*64*
	Sciar den mhargadh	1,7 %	0,7 %	0,8 %	0,9 %
	Innéacs	*100*	*40*	*47*	*56*
	Meánphraghas (EUR/tona)	532	567	951	1 001
	Innéacs	*100*	*107*	*179*	*188*
An Úcráin	Méid (tonaí)	61 914	65 515	68 492	63 248
	Innéacs	*100*	*106*	*111*	*102*
	Sciar den mhargadh	4,5 %	3,9 %	4,2 %	4,0 %
	Innéacs	*100*	*85*	*92*	*89*
	Meánphraghas (EUR/tona)	628	675	1 273	1 382
	Innéacs	*100*	*108*	*203*	*220*
Tríú tíortha eile	Méid (tonaí)	27 389	62 816	54 208	40 944
	Innéacs	*100*	*229*	*198*	*149*
	Sciar den mhargadh	2,0 %	3,7 %	3,3 %	2,6 %
	Innéacs	*100*	*185*	*164*	*130*
	Meánphraghas (EUR/tona)	955	994	1 637	1 988
	Innéacs	*100*	*104*	*171*	*208*
Iomlán na dtríú tíortha uile cé is moite den Rúis	Méid (tonaí)	188 289	209 948	234 204	280 568
	Innéacs	*100*	*112*	*124*	*149*
	Sciar den mhargadh	13,8 %	12,4 %	14,2 %	17,8 %
	Innéacs	*100*	*90*	*103*	*129*
	Meánphraghas (EUR/tona)	732	880	1 394	1 487
	Innéacs	*100*	*120*	*190*	*203*

Foinse: Eurostat

(87) Tháinig méadú ar mhéideanna allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú i ndearbhmhéideanna agus i dtéarmaí sciartha den mhargadh araon, agus ba é 17,8 % an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí iomlána le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le sciar 13,8 % den mhargadh in 2020.

(88) Ba shuntasach an méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, méadú ó 5,2 % go 9,3 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

5.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(89) Cuimsíodh sa mheasúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(90) Mar a luaitear i roinn 1.7.1, úsáideadh sampláil chun staid eacnamaíoch thionscal an Aontais a mheasúnú.

(91) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn sonraí a bhí sa fhreagra a thug ESTA ar an gceistneoir a bhain le táirgeoirí uile an Aontais, agus rinneadh iad a chros-seiceáil i gcás iar gá leis na freagraí ar an gceistneoir a thug na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar an gceistneoir. Fíoraíodh an dá thacar sonraí agus fuarthas amach go raibh siad ionadaíoch do staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(92) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, an sciar den mhargadh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin.

(93) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas caipiteal a chruinniú.

5.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

5.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(94) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (1/7/2022 – 30/6/2023)
Méid táirgeachta (tonaí)	1 958 225	2 387 643	2 542 903	2 376 471
Innéacs	*100*	*122*	*130*	*121*
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	4 597 448	4 384 175	4 353 685	4 270 481
Innéacs	*100*	*95*	*95*	*93*
Úsáid acmhainneachta	42,6 %	54,5 %	58,4 %	55,6 %
Innéacs	*100*	*128*	*137*	*131*

Foinse: ESTA agus táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(95) Mar a luaitear in aithris (79), bhí tionchar mór ag paindéim COVID-19 ar an gcéad bhliain den tréimhse faoi bhreathnú, 2020, agus tháinig moilliú ar ghníomhaíochtaí foriomlána gnó. Ina dhiaidh sin tháinig téarnamh ar ghníomhaíochtaí gnó ó 2021 ar aghaidh. Tháinig méadú 21 % ar mhéideanna táirgeachta ó 2020 go dtí tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, agus buaicphointe ann in 2022.

(96) Bhí tionscal an Aontais in ann a leibhéil táirgeachta a oiriúnú do na forbairtí tobanna i dtomhaltas an Aontais (mar a léirítear in Aithris (78)). I gcomparáid leis an laghdú 7 % ar acmhainneacht táirgeachta na 16 tháirgeoir de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig forbairt dhearfach ar rátaí úsáide acmhainneachta táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig méadú ar rátaí úsáide acmhainneachta ó 42,6 % go 55,6 %.

5.5.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(97) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh (tonaí)

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (1/7/2022 – 30/6/2023)
An méid díolachán ar mhargadh an Aontais	1 177 740	1 478 694	1 412 334	1 293 873
Innéacs	*100*	*126*	*120*	*110*
Sciar den mhargadh	86,2 %	87,4 %	85,7 %	82,2 %
Innéacs	*100*	*101*	*99*	*95*

Foinse: ESTA agus táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(98) Mar a luaitear in aithris (79), bhí tionchar mór ag COVID-19 ar an gcéad bhliain den tréimhse faoi bhreathnú (2020), agus tháinig moilliú ar ghníomhaíochtaí foriomlána gnó. Ina dhiaidh sin tháinig téarnamh ar ghníomhaíochtaí gnó in 2021 agus 2022. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tháinig moill arís ar mhéideanna díolacháin thionscal an Aontais, le 82,2 % mar sciar den mhargadh i gcomparáid le 86,2 % in 2020. Mar sin féin, tháinig méadú 10 % ar mhéid na ndíolachán le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.5.2.3. Fás

(99) D'éirigh le tionscal an Aontais tairbhe a bhaint as tréimhsí fáis ar mhargadh an Aontais, agus mhéadaigh sé a mhéid díolachán, agus tháinig laghdú ar a sciar den mhargadh, le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(100) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (1/7/2022 – 30/6/2023)
An líon fostaithe	13 872	13 739	14 858	14 236
Innéacs	*100*	*99*	*107*	*103*
Táirgiúlacht (aonad/fostaí)	141	174	171	167
Innéacs	*100*	*123*	*121*	*118*

Foinse: ESTA agus táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(101) Choinnigh táirgeoirí an Aontais a lucht saothair sách cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus thart ar 14 000 fostaí san Aontas. Agus méadú tagtha ar an táirgeacht ó 2021 ar aghaidh, tháinig méadú thart ar 20 % ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(102) Mar a luaitear in aithris (82), ní raibh aon allmhairí píobán agus feadán gan uaim ón Rúis isteach san Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais a shuí go fóinteach.

(103) Díríodh an t-athbhreithniú ar an dóchúlacht go ndéanfar an dumpáil an athuair i gcás ina n-aisghairfí na bearta frithdhumpála. Mar a luaitear i Roinn 4.1, bhí an praghas onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha i bhfad níos ísle ná gnáthluach na Rúise.

(104) Bhí tionchar dearfach ag na bearta a bhí i bhfeidhm ar thionscal an Aontais, a théarnaigh le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

(105) Mar gheall ar an líon teoranta táirgeoirí de chuid an Aontais laistigh den sampla, taispeántar na sonraí thíos idir lúibíní ionas nach nochtfar uimhreacha rúnda.

5.5.3.1. Meánphraghsanna díola aonaid ar mhargadh an Aontais agus costas táirgthe aonaid.

(106) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar na meánphraghsanna díola aonaid ualaithe agus costas táirgthe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas (EUR/tona)

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (1/7/2022 – 30/6/2023)
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán	[900 – 1 050]	[950 – 1 200]	[1 600 – 1 850]	[1 650 – 1 950]
Innéacs	*100*	*[105 – 120]*	*[165 – 190]*	*[170 – 200]*
Costas aonaid na táirgeachta	[1 100 – 1 250]	[1 100 – 1 250]	[1 550 – 1 850]	[1 600 – 1 900]
Innéacs	*100*	*[95 – 110]*	*[135 – 155]*	*[135 – 160]*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(107) Bhí tionscal an Aontais in ann praghsanna díolacháin in aghaidh an tona a mhéadú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí praghsanna díolacháin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe idir 70 % agus 100 % ar an meán os cionn na bpraghsanna ab infheidhme le linn 2020.

(108) Tháinig méadú ar phraghsanna díola toisc go raibh ar thionscal an Aontais costas táirgthe méadaithe an Aontais a chur ar aghaidh. Tháinig méadú idir 35 % agus 60 % ar an gcostas sin le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.5.3.2. Costais saothair

(109) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (1/7/2022 – 30/6/2023)
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	[39 000 – 46 000]	[49 000 – 58 000]	[48 000 – 58 000]	[50 000 – 58 000]
Innéacs	*100*	*[115 – 135]*	*[115 – 135]*	*[120 – 140]*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(110) Tháinig méadú idir 20 % go 40 % ar mheántuarastail le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ba cheart an méadú sin a mheas i bhfianaise an mhéadaithe chomhuainigh ar tháirgiúlacht (féach aithris (100)) Is cosúil, dá bhrí sin, go bhfuil an méadú ar thuarastail i gcomhréir le bainistíocht fhónta airgeadais thionscal an Aontais.

5.5.3.3. Fardail

(111) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Fardail

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (1/7/2022 – 30/6/2023)
Stoic dheiridh (tonaí)	[17 000 – 20 000]	[24 000 – 29 000]	[22 000 – 26 000]	[15 000 – 18 000]
Innéacs	*100*	*[130 – 150]*	*[120 – 140]*	*[80 – 95]*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	[6,2 % – 7,2 %]	[6,5 % – 7,5 %]	[5,5 % – 6,5 %]	[4 % – 4,8 %]
Innéacs	*100*	*[95 – 110]*	*[85 – 100]*	*[60 – 70]*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(112) Bhí na méideanna stoic cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus bhí na méideanna iomlána stoic níos ísle ag deireadh na tréimhse faoi bhreathnú ná mar a bhí in 2020. Mar a luaitear in aithris (40), is minic a dhéantar an táirge faoi athbhreithniú de réir sonraíocht ordaithe agus é a dheartar dá réir sin chomh maith, agus, dá bhrí sin, déantar é a sheachadadh go díreach chuig custaiméirí, gan a bheith faoi réir trádstórála.

(113) I ndáil le táirgeacht, tháinig laghdú ar an leibhéal stoic le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus bhí an leibhéal stoic idir 4 % agus 4,8 % den táirgeacht le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú.

(114) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí ag táirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (1/7/2022 – 30/6/2023)
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	[– 8,5 % - + 10 %]	[– 1,9 % - + 2,2 %]	[+ 10,5 % - + 12,2 %]	[+ 13,5 % - + 16 %]
Innéacs	*100*	*[- 20 – + 23]*	*[+ 110 - + 130]*	*[+ 145 - + 170]*
Sreabhadh airgid (M.EUR)	[220 – 260]	[340 – 410]	[600 – 710]	[650 – 800]
Innéacs	*100*	*[140 – 170]*	*[250 – 300]*	*[270 – 310]*
Infheistíochtaí (M.EUR)	[23 – 27]	[9 – 10]	[27 – 31]	[34 – 41]
Innéacs	*100*	*[35 – 40]*	*[105 – 120]*	*[140 – 160]*
Toradh ar infheistíochtaí	[– 1,0 % - – 1,3 %]	[+ 2,6 % - + 3,1 %]	[+ 28 % - + 33 %]	[+ 36 % - + 43 %]
Innéacs	*100*	*[+ 230 - + 270]*	*[+ 2 400 - + 2 800]*	*[+ 3 100 - + 3 600]*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(115) Shuigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoirí an Aontais trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.

(116) Tháinig méadú suntasach ar bhrabúsacht díolachán le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ag tosú le caillteanas follasach 2020 (arb é tionchar phaindéim COVID-19 ar an margadh ba chúis leis den chuid is mó), bhí tionscal an Aontais in ann an cás a iompú thart agus bhain sé brabús idir 11 % agus 16 % de na díolacháin amach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(117) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Lean an treocht i nglansreabhadh airgid an treocht dhearfach i mbrabúsacht agus gineadh an sreabhadh airgid le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe óna oibríochtaí gnó gar do thrí huaire níos airde ná an leibhéal a gineadh in 2020.

(118) Tháinig laghdú ar ghlaninfheistíochtaí le linn 2021 ach cuireadh tús leo arís in 2022 ar ais ar leibhéal 2020. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhí infheistíochtaí gnó idir 34 % agus 41 % os cionn an leibhéil in 2020.

(119) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Tá tionchar díreach ag saolré eacnamaíoch na bpríomhinfheistíochtaí a dhéantar ar an toradh ar infheistíochtaí ós rud é gurb é an glanluach de réir na leabhar an t-ainmneoir sa ríomh. Lean toradh na hinfheistíochta an treocht dhearfach chéanna leis an mbrabúsacht agus leis an sreabhadh airgid, agus bhí an toradh ar infheistíochtaí (i.e. glanluach de réir na leabhar) ag thart ar 40 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(120) Ní dhearna allmhairí ón Rúis difear don chumas caipiteal a thiomsú.

5.6. **Conclúid maidir le díobháil**

(121) Léirigh éabhlóid na micreatháscairí agus na macratháscairí le linn na tréimhse faoi bhreathnú gur tháinig feabhas suntasach ar staid airgeadais thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus bhí brabúsacht shláintiúil ann le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Tharla an fhorbairt dhearfach sin in ainneoin gur chaill táirgeoirí an Aontais sciartha den mhargadh ag an am céanna, ó 86,2 % in 2020 go 82,2 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(122) Cé go raibh tionchar ag an drogall sa mhargadh a bhí i réim le linn 2020 (mar gheall ar COVID-19) ar go leor táscairí, d'athraigh an staid sin chun feabhais ó 2021 agus suas go dtí tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse sin san áireamh.

(123) Ar bhonn a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

6. **AN DÓCHÚLACHT GO nDÉANFAR AN DÍOBHÁIL AN ATHUAIR**

(124) Ba é conclúid an Choimisiúin sa roinn thuas nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, lena chinneadh an dócha go ndéanfar an díobháil an athuair arbh iad na hallmhairí dumpáilte ón Rúis ba chúis léi ar an gcéad dul síos má ligtear do na bearta dul as feidhm.

(125) I ndáil leis sin, in éagmais comhoibriú ó aon pháirtí sa Rúis, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil ar comhad. Scrúdaigh sé an acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa Rúis; an gaol idir praghsanna san Aontas, praghsanna onnmhairiúcháin na Rúise agus praghsanna onnmhairiúcháin na Rúise chuig tríú tíortha uaithi; leibhéil praghsanna agus méideanna dóchúla na n-allmhairí ón tír lena mbaineann in éagmais bearta frithdhumpála agus an tionchar ar thionscal an Aontais dá ligfí do na bearta dul in éag.

(126) De réir na conclúide ar thángthas uirthi in aithris (60), is ionann acmhainneacht bhreise mheasta píobán agus feadán gan uaim sa Rúis – ag
500 000 tona – agus breis agus 35 % de shaorthomhaltas píobán agus feadán gan uaim ar mhargadh an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Go deimhin, d'áitigh an t-iarratasóir gur mhéadaigh táirgeoirí na Rúise a n-acmhainneacht faoi 450 000 breise idir 2022 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Thairis sin, d'onnmhairigh táirgeoirí de chuid na Rúise an táirge faoi athbhreithniú chuig tríú margaí ar phraghsanna a bhí idir 20 % agus 25 % ní b'ísle ná meánphraghsanna díola tháirgeoirí an Aontais ar mhargadh an Aontais.

(127) Ar bhonn an mhéid sin, is mór an dóchúlacht go dtiocfaidh méadú ar an méid onnmhairí ón Rúis chuig an Aontas má théann na bearta frithdhumpála as feidhm. Mar gheall ar tharraingteacht mhargadh an Aontais ó thaobh méide, gaireachta geografaí agus praghsanna de, is dócha go ndíreofaí (nó go n-atreorófaí) onnmhairí agus acmhainneacht bhreise na Rúise ar mhargadh an Aontais dá rachadh na bearta in éag.

(128) Ar deireadh, tugann an Coimisiún dá aire, de bharr dleachtanna frithdhumpála a bheith i bhfeidhm i margaí tábhachtacha eile, mar shampla, Stáit Aontaithe Mheiriceá, nach féidir agóid a dhéanamh i gcoinne tharraingteacht mhargadh an Aontais, ní hamháin i ndearbhthéarmaí ach i dtéarmaí coibhneasta freisin, má théann na dleachtanna nó na smachtbhannaí atá ann faoi láthair in éag.

(129) Aithníonn an Coimisiún go bhféadfadh sé nach dtarlódh an t-atreorú sin mar gheall ar na smachtbhannaí atá ann cheana. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil baint ag na smachtbhannaí sin le fogha míleata a thug an Rúis faoin Úcráin agus leis an staid gheopholaitiúil fholuiteach, níl a raon feidhme, a modhnú ná a bhfad intuartha. Thairis sin, bíonn saolré 5 bliana ag bearta frithdhumpála. I bhfianaise na neamhchinnteachtaí sin agus go bhféadfadh an Chomhairle raon agus ré beacht na smachtbhannaí a leasú in aon am, shuigh an Coimisiún nach féidir tionchar a bheith ag smachtbhannaí reatha a bheith ann ar a chonclúidí san imeacht seo.

(130) Tá margadh an táirge faoi athbhreithniú an-iomaíoch ó thaobh praghais de. Dá bhrí sin, ós rud é gur dócha go dtiocfaidh méideanna arda allmhairí ón tír lena mbaineann isteach san Aontas ar phraghsanna i bhfad níos ísle dá ligfí do na bearta dul in éag, chuirfí iallach ar thionscal an Aontais a mhéideanna táirgeachta a laghdú agus a phraghsanna a ísliú. Dhéanfaí téarnamh thionscal an Aontais, a tháinig chun cinn go hiomlán le linn na tréimhse faoi bhreathnú, a aisiompú. Bheadh drogall ar tháirgeoirí tuilleadh infheistíochta a dhéanamh agus bheadh níos mó deacrachtaí acu a ngealltanais a chomhlíonadh, lena n-áirítear gealltanais shóisialta agus chomhshaoil.

(131) Dhéanfaí difear tapa do leibhéil bhrabúis i gcás tionscal den sórt sin atá dian ar chaipiteal. Bhainfeadh sé sin an bonn de chumas thionscal an Aontais caipiteal a thiomsú agus, san fhadtéarma, chuirfeadh sé a inmharthanacht i mbaol, rud a d'fhéadfadh dúnadh saoráidí táirgthe a spreagadh, rud a chuirfeadh isteach ar shlabhraí soláthair freisin.

(132) Tá bearta coimirce cruach i bhfeidhm a dtairbhíonn táirgeoirí de chuid an Aontais díobh cheana féin. Mar sin féin, leis an imscrúdú frithdhumpála atá ann faoi láthair, tugtar aghaidh ar shaincheist ar leith nach gcumhdaítear le haon bheart atá ann cheana. Ar aon chuma, maolaítear tionchar na mbeart coimirce cruach leis na smachtbhannaí atá ann faoi láthair ar onnmhairí ón Rúis.

(133) Ar an mbonn sin, thángthas ar an gconclúid gur dócha go n-atosófaí allmhairí dumpáilte ón Rúis in éagmais beart agus mar thoradh air sin gur dócha go dtarlódh díobháil ábhartha arís.

7. LEAS AN AONTAIS

(134) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an cheist an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais ina iomláine dá gcoinneofaí na bearta frithdhumpála reatha ar bun. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

7.1. Leas thionscal an Aontais

(135) Thacaigh formhór an 16 tháirgeoir de chuid an Aontais leis an iarraidh ach níor chuir aon táirgeoir in aghaidh thionscnamh an imscrúdaithe. De réir na conclúide ar thángthas uirthi in aithris (123) thuas, ní bhaineann díobháil ábhartha do thionscal an Aontais a thuilleadh. De réir na conclúide ar thángthas uirthi in aithris (133), áfach, ar dócha go mbeadh aisghairm na mbeart mar thoradh ar insreabhadh athnuaite d'allmhairí dumpáilte ón Rúis, rud a d'fhágfadh ar dócha go ndéanfar an díobháil an athuair mar thoradh air. Dá bhrí sin, tá sé chun leas thionscal an Aontais leanúint de na bearta.

7.2. Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil

(136) Níor chomhoibrigh aon allmhaireoir leis an imscrúdú.

(137) Mar gheall ar easpa comhair ó na hallmhaireoirí, ní raibh an Coimisiún in ann anailís a dhéanamh ar cé acu a bhí nó nach raibh allmhaireoirí ag feidhmiú go dona nó nach raibh siad in ann méaduithe ar phraghsanna, dá mba ann dóibh, a chur ar aghaidh.

(138) Tugann an Coimisiún dá aire, seachas táirgeacht fhlúirseach an Aontais, gur féidir le hallmhaireoirí agus slabhraí soláthair leas a bhaint as allmhairí ó roinnt tionscnamh éagsúil. Thairis sin, níl sé i gceist le síneadh na mbeart – neamhchosúil le smachtbhannaí atá i bhfeidhm – allmhairí Rúiseacha ón margadh a eisiamh, ach amháin chun a áirithiú nach ndíolfar na hallmhairí sin ar phraghsanna dumpáilte, rud a dhéanann díobháil dá réir.

7.3. Leas úsáideoirí

(139) Níor chomhoibrigh aon úsáideoir leis an imscrúdú. Dá bhrí sin, ní raibh an Coimisiún in ann anailís a dhéanamh ar thionchar na mbeart atá ann cheana ar staid na n-úsáideoirí.

(140) De réir torthaí in athbhreithnithe éaga roimhe seo agus san fhaisnéis atá ar fáil, is cosúil go bhfuil sciar píobán agus feadán gan uaim i gcostais na n-úsáideoirí íseal go leor. Go ginearálta, is cuid de thionscadail níos mó iad píobáin agus feadáin gan uaim (coirí, píblínte, tógáil), nach bhfuil iontu ach cuid theoranta díobh. Dá bhrí sin, ní mheastar go mbeidh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag leanúint de bhearta ar úsáideoirí suntasach.

7.4. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(141) Ar bhonn an mhéid thuas, ba é conclúid an Choimisiúin nach raibh aon chúis an-mhaith ann lena rá nach raibh sé chun leas an Aontais na bearta atá ann cheana ar allmhairí píobáin agus feadáin gan uaim de thionscnamh na Rúise a choinneáil ar bun.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA**

(142) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir leis an dóchúlacht go dtarlóidh an dumpáil arís, maidir leis an dóchúlacht go ndéanfar an díobháil an athuair agus maidir le leas an Aontais, ba cheart na bearta frithdhumpála ar allmhairí píobán agus feadán gan uaim ón Rúis a choinneáil ar bun.

(143) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a chur ar fáil d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Ba cheart allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh na Rúise'.

(144) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(145) Na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, tá siad infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh na Rúise é arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir leis 'na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Rúise'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.

(146) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfí na rátaí dleachta frithdhumpála aonair sin i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([25]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(147) Is é an táirge faoi athbhreithniú ceann de na catagóirí táirgí a chumhdaítear leis an mbeart coimirce. Dá dheasca sin, ón uair a shárófaí na cuótaí taraife a leagtar amach faoin mbeart coimirce, bheadh an dleacht taraife os cionn an chuóta agus an dleacht frithdhumpála araon iníoctha ar na hallmhairí céanna. Toisc go bhféadfadh carnadh den sórt sin de bhearta frithdhumpála le bearta coimirce a bheith ina chúis le héifeacht ar thrádáil ar mó é ná mar atá inmhianaithe, chinn an Coimisiún cur i bhfeidhm comhthráthach na dleachta frithdhumpála leis an dleacht taraife os cionn an chuóta thuas don táirge faoi athbhreithniú a chosc ar feadh fhad fhorchur na dleachta coimirce.

([25]) European Commission, Directorate-General for Trade, Directorate G, Rue de la Loi 170, 1040 Brussels, Belgium.

(148) Ciallaíonn sé sin, i gcás ina mbeidh an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 infheidhme maidir leis an táirge faoi athbhreithniú agus inar mó í ná leibhéal na ndleachtanna frithdhumpála de bhun an Rialacháin seo, ní bhaileofar ach an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159. Le linn thréimhse chur i bhfeidhm comhthráthach na ndleachtanna coimirce agus frithdhumpála, cuirfear bailiú na ndleachtanna a forchuireadh de bhun an Rialacháin seo ar fionraí. I gcás ina mbeidh an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 infheidhme maidir leis an táirge faoi athbhreithniú agus ina mbeidh sí socraithe ag leibhéal *ad valorem* níos ísle ná leibhéal na ndleachtanna frithdhumpála sa Rialachán seo, baileofar an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 sa bhreis ar an difríocht idir an dleacht sin agus an leibhéal is airde de leibhéal na ndleachtanna frithdhumpála a forchuireadh de bhun an Rialacháin seo. Cuirfear an chuid de mhéid na ndleachtanna frithdhumpála nár bailíodh í ar fionraí.

(149) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([26]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(150) Tugadh fógra do gach páirtí leasmhar faoi na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a beartaíodh a mholadh go gcoinneofaí na bearta atá ann cheana ar bun. Tugadh tréimhse dóibh freisin chun uiríll a dhéanamh tar éis an nochta sin. Rinneadh na barúlacha ina leith a mhionsonrú in aithrisí (72) agus (73) thuas.

(151) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bhunaítear le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí píobán agus feadán áirithe gan uaim d'iarann nó de chruach, ar trasghearradh ciorclach, ar trastomhas seachtrach is mó ná 406,4 mm ag a bhfuil Luach Coibhéiseach Carbóin (CEV) nach mó ná 0,86 de réir fhoirmle agus anailís cheimiceach na hInstitiúide Idirnáisiúnta um Táthú (IIW) ([27]), atá faoi láthair faoi chóid AC ex 7304 11 00, ex 7304 19 10, ex 7304 19 30, ex 7304 22 00, ex 7304 23 00, ex 7304 24 00, ex 7304 29 10, ex 7304 29 30, ex 7304 31 80, ex 7304 39 50, ex 7304 39 82, ex 7304 39 83, ex 7304 51 89, ex 7304 59 82 agus ex 7304 59 83 ([28]) (cóid TARIC 7304 11 00 10, 7304 19 10 20, 7304 19 30 20, 7304 22 00 20, 7304 23 00 20, 7304 24 00 20, 7304 29 10 20, 7304 29 30 20, 7304 31 80 30, 7304 39 50 30, 7304 39 82 30, 7304 39 83 20, 7304 51 89 30, 7304 59 82 30 agus 7304 59 83 20) agus ar de thionscnamh na Rúise iad.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála cinntitheach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge arna shonrú i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála (%)	Cód breise TARIC
Joint Stock Company Chelyabinsk Tube Rolling Plant agus Joint Stock Company Pervouralsky Novotrubny Works	24,1	A741
OAO Volzhsky Pipe Plant, OAO Taganrog Metallurgical Works, OAO Sinarsky Pipe Plant agus OAO Seversky Tube Works	28,7	A859
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh na Rúise	35,8	A999

([26]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

([27]) Cinnfear CEV i gcomhréir le Tuarascáil Theicniúil 1967, IIW doic. IX-555-67, arna fhoilsiú ag an Institiúid Idirnáisiúnta um Táthú (IIW).

([28]) Mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2024/2522. Cinntear an cumhdach táirge tríd an tuairisc ar an táirge in Airteagal 1(1) a chomhcheangal leis an tuairisc ar an táirge sna cóid AC chomhfhreagracha i dteannta a chéile.

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: 'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid) (an táirge faoi athbhreithniú) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é sa Rúis. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.' Go dtí go dtíolactar an sonrasc sin, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. I gcás ina mbeidh an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 infheidhme maidir le píobáin agus feadáin gan uaim d'iarann nó de chruach, ar trasghearradh ciorclach, nach bhfuil níos mó ná 406,4 mm ar trastomhas seachtrach ag a bhfuil Luach Coibhéiseach Carbóin (CEV) nach mó ná 0,86 de réir fhoirmle agus anailís cheimiceach na hInstitiúide Idirnáisiúnta um Táthú agus ina sáróidh sí an dleacht frithdhumpála a leagtar amach in Airteagal 1(2), baileofar an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 agus an dleacht sin amháin.

2. Le linn thréimhse chur i bhfeidhm mhír 1, cuirfear bailiú na ndleachtanna arna bhforchur de bhun an Rialacháin seo ar fionraí.

3. I gcás ina mbeidh an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 infheidhme maidir le píobáin agus feadáin gan uaim d'iarann nó de chruach, ar trasghearradh ciorclach, nach bhfuil níos mó ná 406,4 mm ar trastomhas seachtrach ag a bhfuil Luach Coibhéiseach Carbóin (CEV) nach mó ná 0,86 de réir fhoirmle agus anailís cheimiceach na hInstitiúide Idirnáisiúnta um Táthú agus ina socrófar í ar leibhéal níos ísle ná an dleacht frithdhumpála a leagtar amach in Airteagal 1(2), baileofar an dleacht taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 sa bhreis ar an difríocht idir an dleacht sin agus an dleacht frithdhumpála níos airde a leagtar amach in Airteagal 1(2).

4. An chuid de mhéid na dleachta frithdhumpála nár bailíodh de bhun mhíreanna 2 agus 3, cuirfear ar fionraí í.

5. Beidh na tréimhsí fionraíochta dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 teoranta ó thaobh ama do thréimhse chur i bhfeidhm na dleachta taraife os cionn an chuóta dá dtagraítear in Airteagal 1(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN